



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016**

## **FISIC AGUS CEIMIC – ARDLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 20 MEITHEAMH – MAIDIN, 9:30 go 12:30**

---

Sé cheist le freagairt.

Freagair **trí** cheist ar bith as **Roinn I** agus **trí** cheist ar bith as **Roinn II**.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Maidir le gach roinn, áfach, dálfeair marc amháin sa bhreis i gcás gach aon cheann den chéad dá cheist ar gnóthaíodh na marcanna ab airde iontu.

---

- N.B.** Tá sonraí ábhartha liostaithe sa leabhrán *Foirmí agus Táblái*, atá ar fáil ón bhfeitheoir. Glac le  $g = 9.8 \text{ m s}^{-2}$  mar luasghéarú de bharr na domhantarraingthe ar dhromchla an Domhain.

## ROINN I – FISIC (200 marc)

1. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagraí gearr.*

- (a) Déan idirdhealú idir luas agus treolusas.
- (b) Luaigh airí an choirp de mhais  $m$  atá ag gluaiseacht ar threolusas  $v$  agus a shainmhínítear le
  - (i)  $mv$ ,
  - (ii)  $\frac{1}{2}mv^2$ .
- (c) Bhí mais **A** ag gluaiseacht ar  $20 \text{ m s}^{-1}$  agus d'imbhuail sí le **B**, mais chónaitheach  $3 \text{ kg}$ . Tar éis an imbhualte ghluais an dá rud le chéile ar threolusas  $8 \text{ m s}^{-1}$ . Cén mhais a bhí in **A**?
- (d) Sainmhínigh an t-aonad fuinnimh, i.e. an giúl.
- (e) Cuirtear biorán  $15 \text{ cm}$  ó scáthán cuasach d'fhad fócasach  $10 \text{ cm}$ . Cén fad ón scáthán a gcruthaítear an íomhá?
- (f) Roghnaigh as an liosta thíos an saghas radaíochta leictreamaighnéadaí ina bhfuil
  - (i) an tonnfhad is faide,
  - (ii) fótóin leis an fuinneamh is mó.

**gáma-ghathanna      micreathonnta      gathanna ultraivialait      x-ghathanna**

- (g) Ainmnigh feiniméan solais nach féidir a mhíniú *ach amháin* i dtéarmaí a thonn-nádúir.


- (h) Cén t-airí teirmiméadrach a úsáidtear iontu seo:

- (i) teirmiméadar leachta i ngloine,
- (ii) gásteirmiméadar toirt-tairiseach?

- (i) Cad iad an dá pointe fosaithe (na teochta tagartha) ar scála teochta Kelvin?

- (j) Breac síos dlí Coulomb um fhórsa idir luchtanna leictreacha.

- (k) Ríomh toilleas éifeachtach leagan amach na dtoilleoirí a thaispeántar i bhFíor 1.




**Fíor 1**

- (l) I bhFíor 2, taispeántar rial na ciotóige de chuid Fleming, don fhórsa ar sheoltóir a iompraíonn sruth i réimse maighnéadach. Má chuireann an mhéar thosaigh treo an réimse mhaighnéadaigh in iúl, cén chainníocht a léirítear le saighead

- (i) **X**,
- (ii) **Y**?


- (m) Mínigh cén fáth a ndéanann croíleacán clochladáin, mar an ceann a thaispeántar i bhFíor 3, fuinneamh a imchoimeád
- (i) nuair a bhíonn sé déanta as iarann *bog*,
  - (ii) nuair a bhíonn sé lannach.



**Fíor 2**

- (n) Nuair a theilgtar alfa-cháithnín agus béite-cháithnín ón bpointe tosaigh céanna, ar an treolusas céanna, isteach sa réimse maighnéadach céanna, déantar iad araon a shraonadh ar chonairí ciorclacha. Breac síos dhá shlí ina mbíonn a sraontaí difriúil le chéile.

- (o) Is é an caillteanas maise in imoibriú núicléach ná  $1.6 \times 10^{-29} \text{ kg}$ . Cé mhéad fuinnimh a scaoiltear san imoibriú?




**Fíor 3**

$(11 \times 6)$

2. (a) Sainmhínigh (i) mais, (ii) meáchan.  
Rangaigh gach ceann de na cainníochtaí seo mar veicteoir nó mar scálach. (12)

- (b) Rinne mac léinn in Éirinn turgnaimh chun an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe, g, ar dhromchla an Domhain, a thomhas.
- (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de ghaireas oiriúnach.
  - (ii) Cén dá shraith tomhas ba chóir don mhac léinn a dhéanamh agus an gaireas seo á úsáid?




Fíor 4

Agus na sonraí a fuair sé á n-úsáid, tharraing an mac léinn líneghraf díreach oiriúnach tríd an mbunphointe.

- (iii) Tarraing sceitse den ghráf seo agus na haiseanna á lipéadú i gceart agat.
- (iv) Déan cur síos ar conas a ríomhadh *g* agus an graf á úsáid.
- (v) Rinne mac léinn sa Chéiní *g* a thomhas freisin. Féach Fíor 4. Tabhair do d'aire go bhfuil ga an Domhain ag pointe ar bith ar an Meánchiorcal níos mó ná a gha ag Éirinn. Minigh cén difríocht a mbeifeá ag súil leis go mbeadh ann idir an meánluach ar *g* a tomhaiseadh sa Chéiní agus an meánluach a tomhaiseadh in Éirinn.

(33)

- (c) I bhFíor 5, nach bhfuil tarraingthe de réir scála, taispeántar carr ag an bpointe *P* agus é ag taisteal go cothrománach ar  $5 \text{ m s}^{-1}$ . Ag *P* luasghéaraíonn sé ar  $2.5 \text{ m s}^{-2}$  ar feadh 8 s agus sroicheann sé treoluas *v* ag *Q* agus ansin leanann sé ar aghaidh ar an treoluas tairiseach seo ar feadh 20 s. Tugtar an carr chun fois ag *R* trí bhrú aonfhoirmeach ar na coscáin i gceann 30 s eile.




- (i) Ríomh treoluas *v* an chairr tar éis na chéad 8 s.
- (ii) Tarraing, ar ghrafpháipéar, graf treoluais is ama chun gluaisne an chairr a léiriú ó *P* go dtí *R*.
- (iii) Faigh an fad a thaistil an carr ar threoluas tairiseach.

(21)

3. (a) Breac síos dlí Snell um athraonadh. (6)
- (b) Sainmhínigh  
 (i) comhéifeacht athraonta,  
 (ii) uillinn chriticiúil. (12)
- (c) Agus bloc gloine, ga de sholas bán agus uillinntomhas á n-úsáid, fuair mac léinn sonrai chun dlí Snell a fhíorú.  
 Baineadh úsáid as na huillinneacha ionsaithe  $i$  a tomhaiseadh in aer agus na huillinneacha athraonta comhfhereagrach  $r$  chun an graf a thaispeántar i bhFíor 6 a fháil.
- (i) Mínigh conas a fhíoraíonn an graf dlí Snell.
  - (ii) Bain úsáid as an ngraf chun comhéifeacht athraonta na gloine seo a fháil.
  - (iii) Faigh an uillinn athraonta atá comhfhereagrach d'uillinn ionsaithe (in aer)  $35^\circ$ .
  - (iv) Ríomh uillinn chriticiúil na gloine seo.
  - (v) Ainmnigh an feiniméan a tharlaíonn nuair a bhuailleann ga solais teorainn na gloine/an aeir ar uillinn ionsaithe  $40^\circ$ .

(33)




Fíor 6

- (d) Tá dhá lionsa dhronnacha, **A** agus **B**, ag teileascóp réalteolaíoch i gcoigeartú normalach agus iad leagtha amach mar atá i bhFíor 7.

Tá fad fócasach 180 cm ag lionsa **A**.

Is é an fad idir lárphointí **A** agus **B** ná 195 cm.



Fíor 7

- (i) Ainmnigh lionsa **A** agus lionsa **B**.
- (ii) Cén fad ón lionsa **A** a gcruthaítear an chéad íomhá?
- (iii) Nuair atá an teileascóp i gcoigeartú normalach, cá gcruthaítear an íomhá dheiridh?
- (iv) Cén fáth ar bhuntáiste é an teileascóp a bheith i gcoigeartú normalach? (15)

4. (a) Déan do mhachnamh ar mhais chinnte gáis ag teocht thairiseach. Ainmnigh agus breac síos an dlí (**A**) a rialaíonn na hathruithe i mbrú an gháis seo de réir mar a athraíonn a thoirt. Déan cóip d'Fhíor 8 i do fhreagarleabhar agus lipéadaigh na haiseanna chun go léireoidh sí graf a fhíoraíonn dlí **A**. (15)
- (b) Déan do mhachnamh ar mhais chinnte gáis ag brú tairiseach. Ainmnigh agus breac síos an dlí (**B**) a rialaíonn na hathruithe a tharlaíonn ina thoirt de réir mar a dhéantar an gás a théamh. Déan cóip eile d'Fhíor 8 i do fhreagarleabhar agus lipéadaigh na haiseanna chun go léireoidh sí graf a fhíoraíonn dlí **B**anois. (15)
- (c) Déan idirdhealú idir fiorghás agus an gás idéalach. Breac síos dhá bhonn tuisceana a bhaineann leis an teoric chinéiteach a bhíonn fíor i gcónai maidir leis an ngás idéalach ach nach mbíonn fíor maidir le fiorghás. Cad iad na coinníollacha brú a bhíonn ann nuair is cosúla fiorghás leis an ngás idéalach? (15)
- (d) Caithfidh boinn eitleán feidhmiú i raon níos leithne teochta agus seasamh in aghaidh sagsanna difriúla struis i gcomparáid leis na boinn ar fheithicíl bóthair, e.g. an méadú tobann sa bhrú agus an t-eitleán ag turlingt, mar atá i bhFíor 9. Ar chúiseanna sábháilteachta, is minic a líontar boinn eitleán le nítrigin in ionad aeir.
- (i) Ríomh líon na mól de ghás nítrigine a líonann toirt  $0.380 \text{ m}^3$  ag brú  $1.60 \times 10^6 \text{ Pa}$  laistigh de bhonn eitleán ar an talamh, áit a bhfuil teocht 295 K ann.
  - (ii) Ríomh an brú laistigh den bhonn seo ag airde mhór, áit a bhfuil teocht an gháis sa bhonn laghdaithe de  $40^\circ\text{C}$  agus an toirt a líonann sé laghdaithe go dtí  $0.350 \text{ m}^3$ .
  - (iii) Conas a athraíonn treoluas na móilíní laistigh de bhonn an eitleán de bharr an athraithe sna coinníollacha ó (i) go dtí (ii) thusa?
- Mínigh do fhreagra. (21)
- 

5. (a) Sainmhínigh difríocht poitéinsil leictreach ( $V$ ) idir dhá phointe. Cad é an t-aonad SI do dhifríocht poitéinsil? (9)
- (b) I dturgnamh, tomhaiseadh an difríocht poitéinsil  $V$  trasna fhad 0.5 m de shreang niocróim de thrastomhas cothrom, a coinníodh ag teocht thairiseach, i gcás luachanna difriúla ar an sruth  $I$  atá ag sreabhadh sa tsreang. Fuarthas na sonraí seo a leanas.

$I (\text{A})$	0.5	1.0	2.0	2.5	3.0	3.5	4.5
$V (\text{aonaid})$	0.71	1.43	2.86	3.57	4.29	5.01	6.43

- (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de chiorcad leictreach oiriúnach chun na tomhais seo a fháil.
  - (ii) Tarraing graf de dhifríocht poitéinsil  $V$  ( $y$ -ais) in aghaidh srutha  $I$ .
  - (iii) Breac síos agus ainmnigh an dlí atá fioraithe ag do ghraf.
  - (iv) Bain úsáid as do ghraf chun an difríocht poitéinsil a fháil a ligean do shruth 1.8 A sreabhadh.
  - (v) Faigh fána  $m$  do ghraf.
- Cén t-airí de chuid na sreinge a thugtar le  $m$ ?
- (vi) Cén t-athrú ar luach  $m$  a mbeifeá ag súil leis dá n-úsáidfí fad 1.0 m den tsreang niocróim chéanna in ionad an 0.5 m?
- Cosain do freagra.
- Mínigh cén fáth a n-úsáidtear voltas ard chun leictreachas a tharchur ar feadh achair fhada.

(57)

6. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c), (d). Tá 33 marc ag gabháil le gach ceann díobh.

- (a) Sainmhínigh (i) fuinneamh poitéinsiúil, (ii) obair. (6)

Bhí ardtumadóireacht ar siúl den chéad uair i gCraobhchomórtais Uisciochta an Domhain i mBarcelona sa bhliain 2013. Tumann na fir ó ardán atá 27 m ar airde agus tumann na mná ó ardán atá 20 m ar airde, mar a thaispeántar i bhFíor 10. Ríomh

- (iii) an t-athrú i bhfuinneamh poitéinsiúil tumadóra de mhais 65 kg, ón meandar a d'fhág sé an t-ardán a bhí 27 m ar airde go dtí go ndeachaigh sé isteach san uisce, tar éis dó titim díreach síos,
- (iv) treolus ceartingearach an tumadóra díreach sula ndeachaigh sé isteach san uisce,
- (v) an t-am a thóg sé chun titim 27 m.

Ar dtéann mais an tumadóra i bhfeidhm ar a threolus deiridh sula dtéann sé isteach san uisce? Mínigh do fhreagra. (27)



Fíor 10

- (b) Cén feiniméan a shainmhínítear mar *leathadh tonnta isteach i scáth geoiméadrach bacainne?* (3)

Léiríonn Fíor 11 tonnta A agus B ag teacht i dtreo bearnaí atá ar comhleithead.


Cóipeáil agus críochnaigh an léaráid i do fhreagarleabhar chun na tonnta a thaispeáint tar éis dóibh dul trí na bearnaí.

Thit solas monacromatach ar phéire de scoiltíni Young a bhí 0.02 mm óna chéile agus tháirg sé patrún trasnaíochta ar scáileán.


Rinne an dara frainse geal uillinn 3.7° leis an normal. Ríomh

- (i) tonnfhad an tsolais,
- (ii) minicíocht an tsolais,
- (iii) fuinneamh fótón solais den mhinicíocht seo.

(9)



(21)



Fíor 11



Fíor 12

- (c) Breac síos trí iarmhairt ag sruth leictreach.

Cé acu iarmhairt díobh sin

(i) a úsáidtear chun an t-aonad srutha, i.e. an t-aimpéal, a shainmhíniú,

(ii) is cús le bolgán filiméid a bheith in ann solas gealbhruadhach a tháirgeadh?

(15)

Is féidir CFL (dlúthsholas fluaraiseach) 25 W, costúil leis an gceann a thaispeántar i bhFíor 12, a chur in áit bolgán filiméid 100 W, gan laghdú ar bith i ngile an tsolais a astaítear.

Má ghlactar leis gur soláthar príomhliónra 230 V atá ann, ríomh an sruth atá ag sreibhadh

(iii) trí bholgán filiméid 100 W,

(iv) trí CFL 25 W.

Ríomh an tsábháil costais i seachtain amháin nuair a chuirtear bolgán 25 W in áit bolgáin 100 W atá ar lasadh ar feadh 5 huaire an chloig sa lá. Glac leis gurb é 20 cent an costas ar aonad leictreachais (1 kW h).

Mol buntáiste a bheadh ann don timpeallacht dá n-athrófaí go dtí CFL. (18)

- (d) (i) Sainmhínigh leathré raidiseatóip.

(6)

Sa tábla thíos taispeántar más sampla de shóidiam–24 ag eatraimh 10 n-uaire ar feadh thréimhse 70 uair.

am (uaireanta)	0	10	20	30	40	50	60	70
mais (mg)	400	260	160	100	65	40	25	13

(ii) Tarraing graf chun na sonraí seo a léiriú.

(iii) Bain úsáid as an ngraf chun leathré shóidiam–24 a aimsiú.

(iv) Scríobh cothromóid chun béis-mheathe núicléis de shóidiam–24 a léiriú.

(v) De bharr a leathré gairide, déantar sóidiam–24 a instealladh in othair mar rianaire uaireanta chun cabhrú le mífheidhmiú imshruthaithe a aithint. Breac síos réamhchúram amháin ba chóir don fhoireann leighis a ghlacadh agus an t-instealladh á thabhairt acu chun a nochtadh féin don radaíocht a laghdú.

(27)

## ROINN II – CEIMIC (200 marc)

7. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagraí gearr.*

- (a) Cé mhéad (i) leictreon, (ii) próton, atá in ian  $\text{Al}^{3+}$ ?
- (b) Sainmhínigh mais adamhach choibhneasta.
- (c) Bronnadh Duais Nobel san Fhisic 2010 as saothar ceannródaíoch ar ghraiféin, foirm den dúil carbón a thaispeántar i bhFíor 13.  
Ainmnigh dhá fhoirmeacha fisiciúla eile den dúil carbón.
- (d) Feidhmíonn an coibhneas  $E_1 - E_2 = hf$  nuair a bhreonn solas sóidiam sráide.  
Cad dó a seasann na téarmaí  $E_1$  agus  $f$ ?
- (e) Cén t-uaslíon leictreon is féidir a lonnú iontu seo: (i) *p*-fhithiseán, (ii) *d*-fhosceall?

- (f) Roghnaigh dhá chriostal mhóilíneacha as an liosta solad seo a leanas.  
**ór**            **oighear tirim**            **clóiríd sóidiam**            **iaidín**

- (g) Má ghlactar leis gurb é an fiús ag gailliam (**Ga**) ná trí, scríobh an fhoirmle don chomhdhúil is simplí a dhéantar  
(i) as gailliam agus nítrigin, (ii) as gailliam agus ocsaigin.

- (h) Scríobh cothromóid chothromaithe don imoibriú a tharlaíonn nuair a ligtear do phíosa beag sóidiam titim isteach in uisce, mar a thaispeántar i bhFíor 14.

- (i) Cén fáth a bhuil móimint dhépholach ag móilín **H<sub>2</sub>O** ach nach bhuil móimint dhépholach ag móilín **BeF<sub>2</sub>**?


- (j) Sainmhínigh *teas dócháin*.

- (k) Cad iad na coinníollacha faoinar féidir le clóiríd sóidiam leictreachas a sheoladh?

- (l) Ríomh an céatadán ocsaigine, de réir maise, i siorcónia chiúbach (**ZrO<sub>2</sub>**) a úsáidtear chun na hionchlannáin fiacula, a thaispeántar i bhFíor 15, a dhéanamh.  
[O = 16; Zr = 91]

- (m) Sainaithin an t-imoibrí atá ag teastáil agus an coinníoll atá riachtanach don tontú **CH<sub>4</sub>** ina **CH<sub>3</sub>Cl**.

- (n) Is í an fhoirmle mhóilíneach do mheitilbeinséin, a thaispeántar ar clé i bhFíor 16, ná **C<sub>7</sub>H<sub>8</sub>**.  
Cad í an fhoirmle mhóilíneach d'aspairín, a thaispeántar ar dheis?




Fíor 13



Fíor 14



Fíor 15



Fíor 16

- (o) Ainmnigh imoibrí a úsáidtear chun idirdhealú a dhéanamh idir aildéad agus céatón.

(11 × 6)


8. (a) Sainmhínigh (i) uimhir adamhach, (ii) fuinneamh céadianúcháin dúile. (12)
- (b) Tarraing graf d'fhuinneamh céadianúcháin na ndúl *in aghaidh* a n-uimhreacha adamhacha i gcás na ndúl a bhfuil uimhir adamhach ó 3 go dtí 12 acu, an dá uimhir sin san áireamh, agus na luachanna ar lch 80 den leabhrán *Foirmí agus Táblai* á n-úsáid agat.
- (i) Agus tú ag tagairt do do ghráf, mínigh an méadú ginearálta ar luachanna an fhuinnimh céadianúcháin trasna an dara peiriad den tábla peiriadach.
  - (ii) Cé acu dúil ar do ghráf a mbíonn an fuinneamh is mó ag teastáil uaithi chun mól dá hiain aondeimhneacha a dhéanamh?
  - (iii) Mínigh na buaiceanna ar do ghráf i gcás na ndúl a bhfuil na huimhreacha adamhacha 4 agus 7 acu. (27)
- (c) Déanann teilifiseáin ina bhfuil scáileán plasma, mar an ceann a thaispeántar i bhFíor 17, solas a astú nuair a ianaítear meascán de thriathgháis mar neon (**Ne**) agus xeanón (**Xe**) agus voltais arda á n-úsáid. Plasma a thugtar ar an meascán de shaorleictreoin agus d'iain dheimhneacha a bhíonn ann dá thoradh sin.
- (i) Scríobh cumraíocht *s, p* na leictreon in adamh neoin.
  - (ii) Cén fáth a dteastaíonn a lán fuinnimh chun adamh neoin a ianú?
  - (iii) Mínigh cén fáth a bhfuil fuinneamh céadianúcháin xeanóin níos lú ná fuinneamh céadianúcháin neoin. (15)
- (d) Cad is fithiseán adamhach ann?  
Conas atá na fithiseáin adamhacha *2p* i neon difriúil lena chéile?  
Breac síos difríocht amháin idir an fithiseán adamhach *2s* agus fithiseán adamhach *2p* in adamh neoin. (12)



**Fíor 17**

9. Iarradh ar mhic léinn  $250 \text{ cm}^3$  de thuaslagán  $0.08 \text{ M}$  de charbónáit sóidiam a ullmhú as carbónáit sóidiam ainhidriúil (**Na<sub>2</sub>CO<sub>3</sub>**), ar bunchaighdeán í.

- (a) (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.  
(ii) Breac síos dhá airí de chuid comhdhúile a chuirfeadh ar chumas duine í a úsáid mar bhunchaighdeán.  
(iii) Cén mhais de charbónáit sóidiam ainhidiúil a bhí riachtanach chun  $250 \text{ cm}^3$  den tuaslagán  $0.08 \text{ M}$  a ullmhú? (15)
- (b) Mhol Grúpa A an tuaslagán a dhéanamh i soitheach A agus roghnaigh Grúpa B soitheach B mar a thaispeántar i bhFíor 18.
- (i) Ainmnigh na soithí A agus B.
  - (ii) Mínigh cén fáth a mbeadh toradh níos cruinne ann dá n-úsáidfi soitheach B. (9)




**Fíor 18**

- (c) Déan cur síos ar an modh oibre a bhí ag mic léinn Ghrúpa B agus a dtuaslagán á ullmhú acu. (15)
- (d) Rinneadh roinnt codanna  $25.0 \text{ cm}^3$  den tuaslagán de charbónáit sóidiam a thoirtmheascadh in aghaidh thuaslagán  $0.20 \text{ M}$  d'aigéad nítreach (**HNO<sub>3</sub>**) de réir na cothromóide:



- (i) Mínigh cén fáth a mbeadh oráiste meitile oiriúnach mar tháscaire don toirtmheascadh seo agus nach mbeadh feanóltailéin oiriúnach.
- (ii) Agus oráiste meitile á úsáid, cén t-athrú datha a tharla ag an gcríochphointe?
- (iii) Ríomh an toirt d'aigéad nítreach a bhí riachtanach chun  $25.0 \text{ cm}^3$  den tuaslagán  $0.08 \text{ M}$  de charbónáit sóidiam a neodrú.
- (iv) Ríomh an pH de thuaslagán  $0.20 \text{ M}$  d'aigéad nítreach. (27)

10. (a) Sainmhínigh (i) síos dí-oceaídiú, (ii) síos dí-oceaídeoír, i dtéarmaí traschur leictreon. Sainaithin (iii) an tsubstaint a dhí-oceaíditear, (iv) an síos dí-oceaídeoír, sa chothromóid chothromaithe seo a leanas. (12)




- (b) Leag amach na dúile **Fe**, **Pb**, **Mg** agus **Cu** san ord ina bhfuil siad le fáil sa tsraith leictriceimiceach. Mínigh i dtéarmaí *na sraithe leictriceimiceach*
- (i) cén fáth nár chóir do phluiméir píobán copair a cheangal go díreach de phíobán iarainn ach go bhféadfadh sé cónascaire plaisteach a úsáid eatarthu,
  - (ii) cén fáth a nasctar píosaí maignéisiam de phíobáin iarainn faoi thalamh uaireanta,
  - (iii) cén fáth nach dócha gur gá píobáin luaidhe a athnuachan de bharr creimthe. (15)

- (c) Breac síos *céad-dlí Faraday um leictrealú*. (6)

- (d) I bhFíor 19 taispeántar gaireas a úsáidtear i leictrealú uisce aigéadaithe agus leictreoidí táhma á n-úsáid.


- (i) Ainmnigh aigéad atá oiriúnach chun an t-uisce a aigéadú.
  - (ii) Cén fáth a bhfuil gá an t-uisce a aigéadú?
  - (iii) Cé acu leictreoid an anóid, **X** nó **Y**?
  - (iv) Ainmnigh ábhar atá oiriúnach lena úsáid mar na leictreoidí táhma.
  - (v) Cé acu leictreoid, **X** nó **Y**, ag a ndéantar gás ocsaigine de réir an imoibrithe seo a leanas?
  - $2\text{H}_2\text{O} \rightarrow \text{O}_2 + 4\text{H}^+ + \text{leictreoin}$
  - (vi) Cé mhéad leictreón a tháirgtear in aghaidh gach móilín ocsaigine a dhéantar san imoibriú thus?
- Dá seolfaí sruth *I* trí uisce aigéadaithe ar feadh 15 nóiméad agus dá n-aistreofaí lucht 135 C, ríomh
- (vii) an sruth *I*,
  - (viii) mais an gháis ocsaigine a scaoileadh. (33)



Fíor 19

11. (a) Baintear bananaí sa teochrios, seoltar ar aghaidh iad agus iad fós glas, agus díreach sula gcuirtear ar sheilfeanna na n-ollmhargaí iad, déantar iad a 'aibiú' trína nochtadh don hidreacarbón gásach, eitén ( $\text{C}_2\text{H}_4$ ). Tá móilíní na heitíne neamhsháithithe.


- (i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
  - (ii) Tarraing struchtúr an mhólín eiténie.
  - (iii) Ainmnigh an tsraith homalógach a mbaineann eitén léi.
  - (iv) Ullmhaíodh gás eiténie sa tsaotharlann agus an gaireas a thaispeántar i bhFíor 20 á úsáid.
- Sainaithin an leacht atá ag **X** agus an solad **Y**.
- (v) Tabhair réamhchúram sábháilteachta amháin a comhlíonadh le linn an turgnaimh.
  - (vi) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí sampla de ghás eiténie a thástáil le haghaidh neamhsháithiúcháin. (45)



Fíor 20

- (b) (i) Tarraing struchtúr móilín eatánóil agus struchtúr móilín d'aigéad eatánóch.
- (ii) Tarraing ciocal thart ar an bhfeidhmghrúpa sa **dá** struchtúr diobh.
- (iii) Rangaigh, mar *díhiodráitiú*, ocsaídiú nó *dí-oceaídiú*, tontú fiona ina fhínéagar nuair a nochtar don aer é. Tiontaítear móilíní eatánóil ina móilíní d'aigéad eatánóch le linn an phróisis. (15)


- (c) Is é is cúis leis an mboladh a bhíonn ar shútha talún agus iad ag aibiú ná meascán coimpléascach de chomhdhúile a bhfuil an t-eistear a thaispeántar i bhFíor 21 san áireamh ann.
- Tabhair ainm an eistir seo. (6)




Fíor 21

12. Freagair **trí** cinn ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c), (d). Tá 22 marc ag gabháil le gach ceann díobh.

(a) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an saghas imoibriúcháin ina n-ionsúitear teas?



Bain úsáid as an eolas thusa chun an t-athrú fuinnimh a ríomh nuair a dhéantar mól amháin (180 g) glúcóis ( $\text{C}_6\text{H}_{12}\text{O}_6$ ) trí fhótaisintéis phlanda de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas.




Cén mhais de ghlúcós a thárigtear nuair a ionsúitear 561 kJ d'fhuinneamh solais sa phróiseas seo?

(b) I dtéarmaí theoiric Brønsted-Lowry

- (i) sainmhínigh aigéad,
- (ii) déan idirdhealú idir aigéad láidir agus aigéad lag,
- (iii) mínigh *dis chomhchuingeach aigéid/buin*,

Sainaithin speiceas atá ag gníomhú mar aigéad san imoibriú seo a leanas.




Ceard é an bun comhchuingeach ag an aigéad seo?

Is féidir an focal amfaiteireach a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar uisce.

Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.



(c) Sa trealamh analaithe atá á úsáid ag an oibrí tarrthála i bhFíor 22 tá dé-ocsaíd photaisiam ( $\text{KO}_2$ ) a ghniomhaíonn mar fhoinsé ocsaigine agus a ionsúnn dé-ocsaíd charbóin mar seo a leanas:



- (i) Cén toirt de dhé-ocsaíd charbóin ag t.b.c. a imoibríonn le 0.8 mól de dhé-ocsaíd photaisiam?  
Cé mhéad móilín de dhé-ocsaíd charbóin atá sa toirt seo?
- (ii) Cé mhéad mól d'ocsain a thárigtear in imoibriú 0.8 mól de dhé-ocsaíd photaisiam?  
Cén mhais  $\text{K}_2\text{CO}_3$  a thárigtear?

Fíor 22

(d) Is ar líon na ndíseanna nascála leictreón agus ar líon na ndíseanna aonair leictreón i bhfiús-sceall an adaimh lárnaigh atá cruth móilín bunaithe. Glacann na ndíseanna leictreón seo suíomhanna chun an t-éaradh eatarthu a laghdú a oiread agus is féidir.

- (i) Cén fáth a n-éarann ndíseanna leictreón a chéile?
- (ii) Déan comparáid idir méid an éartha idir dhá dhís aonair leictreón agus méid an éartha idir dhá dhís nascála leictreón.

Mínigh an difríocht seo i méid na n-éarthaí.

- (iii) Cuir isteach na píosaí eolais A go dtí E atá fágtha amach as na colúin sa tábla thíos.

Leagan amach	Cruth	Líon na ndíseanna aonair	Líon na ndíseanna nascála	Nascuillinn	Sampla
	A	2	2	104.5°	$\text{H}_2\text{O}$
	pirimidiúil	B	3	C	$\text{NH}_3$
	D	0	E	109.5°	$\text{CH}_4$

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán